

CLÁR ÁBHAR

1. RÉAMHRÁ	1
2. IONCHUR	1
3. ASCHUR	3
4. CÁILÍOCHT	7
5. SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ	10
6. SAINCHEISTEANNA DÍLÁRAITHE	11
AGUISÍN 1: MIONSTADREAMH	12
AGUISÍN 2: AIRGEADAS	40
AGUISÍN 3: CLÁRAITHEOIR NA gCUIDEACHTAÍ AGUS DAOINE ÚDARAITHE EILE	41

1. RÉAMHRÁ

Is é ráiteas misin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí:

ardleibhéal comhdaithe maidir le tuairisceáin a bhíonn dlite, déileáil thapa leis an bhfaisnéis ar na tuairisceáin sin leis an dearbhú go gcomhlíonann an fhaisnéis a chuirtear ar fáil dúinn na forálacha reachtúla cuí agus go léiríonn an fhaisnéis a chuirimid ar fáil go soiléir an fhaisnéis a thugtar dúinn.

Roinnimid an ráiteas sin ina thrí pháirt, lena n-áirítear IONCHUR, cuideachtaí a chur ag comhadú na dtuairisceán atá dlite, ASCHUR, a chinntiú go mbeidh rochtain éasca ag an bpobal ar na doiciméid sin agus CÁILÍOCHT, iarracht a dhéanamh, a mhéid agus is féidir, a chinntiú go gcomhlántar na doiciméid i gceart agus go gcuirimidne an fhaisnéis cheart ar fáil. Tá dul chun cinn maith déanta againn faoi na trí cheannteideal sin.

Sáraíodh an ardspríoc a bhí againn maidir le cuideachtaí a chur ag comhdú tuairisceáin bhliantúla cothrom le dáta. Tá sé á thabhairt faoi deara againn, áfach, de réir agus mar a sháraímid 90% de chuideachtaí a bheith cothrom le dáta, go bhfuil sé ag éirí níos deacra breis dul chun cinn a dhéanamh.

Tá ag éirí go maith le doiciméad a fháil agus iad a scannadh i gcomhair rochtaine ar líne agus ní dhéantar ach fíor chorr-chuardach le lámh sa lá atá inniu ann. Trí Chlár Ghnólachtaí na hEorpa is féidir taifid cuideachtaí Éireannacha a scrúdú ar láithreáin ghréasáin chlár cuideachtaí sa chuid is mó den Eoraip.

Cuirtear go mór le cáilíocht na ndoiciméad a dhéantar a chomhdú trí chomhdú leictreonach. Údar misnigh an méid a glacadh le roghanna comhdaithe leictreonaigh in 2008.

Cé gur tosaíocht ollmhór é don oifig go mbeadh tuairisceáin chomhdaithe in am, táimid ar bís é sin a bhaint amach gan ualach riaracháin mór a chruthú. De réir figiúirí a ullmhaíodh go neamhspleách don Ghrúpa Ardleibhéil ar Rialú Gnó, shábháil custaiméirí de chuid an CRO breis agus €20 milliún i rith na bliana agus tuairisceáin á n-ullmhú trí cheann dár roghanna leictreonach a úsáid. Chomh maith le hairgead a shábháil agus tuairisceáin á gcomhlánú acu, shábháil na daoine a rinne comhdú leictreonach €3.5m breise i dtáillí comhdaithe de bharr go bhfuil táille níos ísle nó gan táille ar bith ag baint le comhdú leictreonach.

In 2008, de réir thuarascáil an Bhainc Dhomhanda “Doing Business 2009”, tá Éire rangaithe sa 5ú áit ar domhan (agus sa chéad áit san Eoraip) maidir le costas íseal ó thaobh gnó a thosú. Bunaítear na ríomhaireachtaí costais ar na próisis riaracháin ina leith agus ar an am chun na próisis sin a thabhairt chun críche. Tá sé sin mar an gcéanna leis an rangú a fuarthas i dtuarascáil 2008.

2. IONCHUR

Gníomhartha Forfheidhmithe

Forfheidhmiú/Comhlíonadh

Bhí gníomhú forfheidhmithe in aghaidh cuideachtaí nach raibh ag comhlíonadh nótaíthe mar thosaíocht forfheidhmithe againn do 2008. Faoi dheireadh na bliana, tugadh 27 cuideachta agus a stiúrthóirí chuig an Ard-Chúirt agus gearradh costais de €24,000.

Maidir le cuideachtaí a bhíonn gan íoc thar téarma a ionchúiseamh ciontaíodh 97 cuideachta sa Chúirt Dhúiche in 2008. €117,100 an méid fineálacha a forchuireadh agus €14,500 iomlán na gcostas a bronnadh.

Ag teacht lenár dtiomantas maidir leis an ráta bainte cuideachtaí den chlár a choinneáil, bhaineamar 5,804 cuideachta den chlár ar bhonn neamh-dheonach, 4,542 cuideachta ar bhonn deonach agus bhaineamar 223 cuideachta as mainneachtain a dhéanamh doiciméid faoi leith a chomhdú leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Pionóis maidir le Comhdú Deireanach

Ó tosaíodh ar phionóis a chur i bhfeidhm i leith comhdú deireanach in 2001, tá an CRO ag súil le titim mhór sna fáiltais ón bhfoinse sin de bharr go rabhamar ag súil le níos mó cuideachtaí ag comhdú in am mar thoradh ar an bhforfheidhmiú níos déine. Bhí buaicphointe na bpionós comhdaithe deireanaigh in 2003 ag beagnach €28m sular thit siad siar go dtí €18m in 2004. In 2008, baineadh laghdú beag go €17.67m amach ach tá sin fós i bhfad faoi bhun an mhéid a mbeifí sásta glacadh leis. D'ainneoin dian-fheachtas forfheidhmithe, a bhí mar thoradh ar 90% de chuideachtaí a bheith cothrom le dáta lena gcuid comhdaithe ag deireadh na bliana, tá an céatadán de thuairisceáin bhliantúla a dhéantar a chomhdú deireanach fós sách suntasach ag tuairim is 16.8% in 2008.

Pionóis maidir le comhdú deireanach a fuarthas san Oifig um Chlarú Cuideachtaí 2003 go dtí 2008						
Bliain	2003	2004	2005	2006	2007	2008
Méid iomlán a fuarthas	€28m	€18m	€21m	€19m	€17.9m	€17.67m

Gníomhaíochtaí Eile

D'oibríomar go dlúth le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha díscailte a dhícháiliú.

Torthaí

Is é an príomhbhealach chun éifeachtacht ár gcuid oibre maidir lena chinntiú go gcomhlíonfaidh cuideachtaí a riachtanais chomhdaithe reachtúla a thomhas ná an líon cuideachtaí a bhíonn cothrom le dáta ag am ar bith. Bunaítear an sprioc don bhliain ar an bhfigiúr amhail an 31 Nollaig. Amhail an 31 Nollaig 2008, bhí an figiúr sin díreach os cionn 90%; bhí 89.5% leagtha amach mar sprioc againn. Ba é 88.5% an toradh inchomparáide bliain amháin roimhe sin.

Leachtuithe agus Glacadóireachtaí

Tháinig méadú ar an líon dócmhainneachtaí sa bhliain 2008 ach mar sin féin bhaineamar ár spriocanna amach maidir leis na doiciméid sin a phróiseáil agus a scannadh. Leanadh ar aghaidh ag eisiúint tuarascálacha ar chuideachtaí faoi leachtú chuig an ODCE ar bhonn seachtainiúil.

3. ASCHUR

Cuideachtaí Nua

Bhí an trí scéim inchorpraithe cuideachtaí, mar atá leagtha amach thíos, laistigh de na scálaí ama tiomanta go leanúnach i rith 2008.

Faoi Phráinn – 10 lá oibre

Diosca CRO – 5 lá oibre

Gnáth-Scéim – 15 lá oibre;

De ghnáth bíonn cuideachtaí inchorpraithe againn ar an gcóras Diosca CRO laistigh de dhá lá oibre.

Próiseáladh athchlárúcháin agus iarratais ar Athrú Ainme go leanúnach laistigh de 10 lá oibre le linn 2008.

Ainmneacha Gnó

Bhí riaráiste suntasach clárúchán ann faoin bhFómhair 2008. D'aistríomar comhaltaí foirne ó rannóga eile na hOifige agus laghdaíodh an riaráiste go mór faoi dheireadh na bliana.

Morgáistí

In 2008 leanamar ar aghaidh ag baint amach ár spriocanna maidir le doiciméid mhorgáistí a scannadh laistigh de 7 lá ó fuarthas iad. Coinníodh an liosta “Slavenburg” cothrom le dáta le go bhféadfadh an pobal é a scrúdú agus coinníodh an clár cúitimh cothrom le dáta chomh maith. Níorbh fhéidir ár sprioc maidir le morgáistí a chlárú laistigh den teorainn 14 lá atá leagtha amach sa Phlean Gnó a bhaint amach i gcónaí ach táthar ag déanamh athbhreithnithe leanúnach ar phróisis chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo.

Comhpháirtíochtaí Teoranta agus Cuideachtaí Seachtracha

Bhaineamar ár spriocanna amach ó thaobh na ndoiciméad go léir ar Chomhpháirtíochtaí Teoranta agus ar Chuideachtaí Seachtracha a phróiseáil agus a scannadh laistigh de 7 lá ó fhaightear iad. Tá an obair maidir leis an gclár cuideachtaí seachtracha a thabhairt cothrom le dáta, trí theagmháil a dhéanamh le gach brainse lena mbaineann riaráistí ó thaobh comhdaithe, fós ar siúl. Tosaíodh ar obair in 2008 freisin ar athbhreithniú a dhéanamh ar fhoirmeacha maidir le Comhpháirtíochtaí Teoranta agus le Cuideachtaí Seachtracha Araon.

Tar Éis Ionchorpraithe

Sáraíodh na spriocanna ó thaobh doiciméid a fháil agus a scannadh don chuid is mó den bhliain.

Bhí riaráiste thar a bheith mór de chlárúcháin B10 ann sa tréimhse Márta/Aibreán 2008 mar gheall, i bpáirt, ar thabhairt ar aghaidh ón aistriú go Ceatharlach agus ar bhuaicphointe na tréimhse Dheireadh Fómhair/na Samhna 2007. Rinneadh dlúth-mhonatóireacht ar phróisis agus ar scálaí ama le linn bhuaicphointe Fómhair/na Samhna 2008 agus ina dhiaidh sin, agus coinníodh iad laistigh de spriocanna.

Lóisteálacha tríd an bPost agus an Rannóg Tuairisceán Bliantúil, Contae Cheatharlach

Ó mhí Iúil 2007, tá 32 comhalta foirne de chuid an CRO athlonnaithe ag Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, mar chuid den chéad chéim de dhílárú an CRO go Ceatharlach. Is í an phríomhfheidhm sannta ar an oifig i gCeatharlach gníomhú mar oifig lóisteála poist agus mar rannóg próiseála tuairisceán bliantúil don CRO. Déantar na doiciméid seo a leanas, chomh maith leis na táillí a ghabhann leo, a phróiseáil go dtí stádas “faighte” (scannadh san áireamh) i gCeatharlach:

- Tuairisceáin bhliantúla agus comhfhreagras maidir le tuairisceáin bhliantúla,
- Aighneachtaí a bhaineann le:
 - stiúrthóirí, rúnaithe, seoladh oifige cláraithe, iniúcháirí
 - leachtuithe, glacadóireacht, díscáoileadh
 - leasuithe ar scairchaipiteal,
 - leasuithe ar mheabhráin agus ar airteagail chomhlachais
 - athchóirithe
 - réitigh
 - athruithe ar bhallraíocht
 - réamheolairí
- iarratais i leith cuntais chustaiméirí a oscailt agus i leith seiceanna a lóisteáil chuig cuntais chustaiméirí.

Amanna Próiseála agus Seirbhís do Chustaiméirí

Don bhliain 2008, thug oifig Cheatharlach faoi (a) gach doiciméad a chur isteach ar an ríomhaire (agus mar sin go mbeadh siad le feiceáil mar a bheith faighte ar an tseirbhís ar líne) laistigh de thrí lá ón dáta faighte ag gnáth amanna agus laistigh de chúig lá ag buaic-amanna i rith na bliana agus (b) doiciméid a scannadh laistigh de 24 uair ón ngnáth dháta “faighte” agus laistigh de thrí lá ag buaic-amanna. Baineadh na spriocanna sin amach don chuid is mó agus sáraíodh iad roinnt mhaith amanna i rith na bliana. Tá gach iarracht á déanamh lena chinntiú go bhfreagraítear fiosrúcháin teileafóin láithreach agus fiosrúcháin ríomhphoist laistigh de 24 uair an chloig.

Tuairisceáin Bhliantúla

Fuair an CRO méid iomlán de 178,000 tuairisceán bliantúil in 2008. Fuarthas 77% díobh sin i

gCeatharlach agus 42% go leictreonach. Is é príomhghnó oifig Cheatharlach tuairisceáin bhliantúla a phróiseáil go dtí an chéim scannta. Baineadh caighdeán fíor-arda amach san obair sin in 2008 cé go raibh an chuid is mó den fhoireann earcaithe as an ag an CRO in 2007. Rinneadh dul chun cinn mór ó thaobh na cáilíochta i leanúnachas agus dian-seiceáil agus ó thaobh na cainníochta i bpróiseáil líonta móra agus in agaí slánucháin prasa.

Buaic-amanna Séasúracha

Níor tugadh cead do riaráistí a tháinig chun cinn i mblianta roimhe sin sna buaic-amanna séasúracha carnadh in 2008 de bharr go ndearnadh dian-mhonatóireacht ar phróisis agus ar scálaí ama, go háirithe i rith buaic-thréimhse Dheireadh Fómhair. Fuarthas 50,000 aighneacht agus próiseáladh iad tríd an gcóras airgid thirim i mí Dheireadh Fómhair 2008 amháin. Tuairisceáin bhliantúla a bhí in os cionn 33,000 díobh sin agus ba chinn leictreonacha breis agus 16,000 (48%) acu. Déileáladh leis na méideanna sin níos tapúla ná riamh cheana agus bhí próiseáil chothrom le dáta faoi go luath i mí na Samhna. Baineadh é sin amach go príomha mar thoradh ar chomhoibriú, tiomantas agus saineolas leanúnach fhoireann chléireach an CRO in oifigí Bhaile Átha Cliath agus Cheatharlach araon.

Comhdú Leictreonach

Chuir an CRO roinnt tionscnamh i bhfeidhm i rith 2008 chun cuideachtaí a spreagadh agus chun tacú leo maidir le doiciméid a chomhdú go leictreonach, lenar áiríodh líne chabhrach ríomhchomhdaithe a chur ar fáil i gCeatharlach. Bhí an líne chabhrach oscailte go dtí meán oíche an 28 Deireadh Fómhair, dáta deiridh na buaic-thréimhse comhdaithe. Faoi mhí Eanáir 2009, bhí méadú go 53% tagtha ar an líon tuairisceán bliantúil a rinneadh a chomhdú go leictreonach.

Tuairisceáin bhliantúla ríomhchomhdaithe a chlárú:

Is é an aidhm atá ann cur leis an úsáid a bhaintear as an tuairisceán bliantúil réamh-líonta mar shli chun an riaráiste de thuairisceáin a bhíonn faighte agus scannta ach gan a bheith cláraithe a laghdú agus deireadh a chur leis.

Bhí níos mó ná leath den 446,861 aighneacht a fuarthas in 2008 cláraithe go huath-oibríoch mar thoradh ar chlárú leictreonach aighneachtaí measctha le hinneall rialacha a chuir le caighdeán na n-aighneachtaí agus an tionscadal iontrála sonraí a aistríonn doiciméid a chomhdaítear le lámh go dtí formáid leictreonach. Den chéad uair le blianta anuas, sháraigh an líon tuairisceán bliantúil a cláraíodh in 2008 (219,000) an líon tuairisceán bliantúil a fuarthas sa bhliain (178,000), treocht a mbeadh mar thoradh uirthi, dá leanfaí léi, go gcuirfí deireadh leis an gcuid is mó den riaráiste de thuairisceáin bhliantúla neamhchláraithe.

Iarratas ar tharscaoileadh maidir le pionóis dheireanacha:

Cuireadh cinntí ar achomhairc in aghaidh táillí ar chomhdú deireanach a fheidmhiú ar aghaidh laistigh de 2 sheachtain ón dáta faighte, de ghnáth. In 2008, próiseáladh beagnach 800 iarratas ar tharscaoileadh pionós maidir le comhdú deireanach, agus ceadaíodh tuairim is 58% díobh sin. €427,000 ab ea luach na bpionós deireanach a tarscaoileadh.

Comhdú & Stóras:

Bhí sé beartaithe go seolfaí doiciméid go léir an CRO go Ceatharlach tar éis díláráithe chun iad a stóráil ann agus go mbeadh Ceatharlach mar an phríomháit stórais do na doiciméid go léir de chuid an CRO, idir chinn reatha agus chinn stairiúla. De bharr deacrachtaí ag teacht ar shaoráid stórála i

gCeatharlach ar dtús agus ansin mar gheall ar chúrsaí buiséid, níor leanadh ar aghaidh leis sin in 2008. Táthar ag súil, áfach, go mbeidh saoráid stórála seachtraí chun doiciméid reatha a stóráil i gCeatharlach i bhfeidhm go luath in 2009.

Seiceanna Obtha

Tugadh tionscadal chun riaráiste seiceanna obtha a aisghabháil chun críche ag deireadh 2008 agus d'éirigh cuíosach maith leis. D'fhoill déileáil leis an bhfadhb leanúnach maidir le seiceanna obtha, tugadh na bearta níos déine seo isteach in 2008:

- Láithreoirí nach ndearna seiceanna obtha a athsholáthar san am atá caite: ní ghlacfaidh an CRO le seiceanna ó na láithreoirí sin níos mó. Go dtí go n-íocfar an fiachas atá gan íoc leis an CRO, caithfear íocaíochtaí ó na láithreoirí sin a dhéanamh le hairgead tirim, le hordú airgid/poist nó dréacht bainc.
- Aighneachtaí reatha: Sa chás go n-obtar seic a úsáideadh chun aighneacht reatha a íoc, diúltóidh an CRO an aighneacht a chlárú ach amháin sa chás go ndéantar an seic a athsholáthar le hairgead tirim, le hordú airgid/ordú poist nó le dréacht bainc laistigh de 14 lá.

Tionscadal Riaráistí

Ag ullmhú don dílárú iomlán go Ceatharlach thosaíomar ar thionscadal, in 2006, chun na doiciméid go léir ó roimh 1990 a scannadh do chuideachtaí beo, nach raibh scannta. Tá sin sin uilig scannta agus innéacsaithe agus tá os cionn 70% díobh sin aistrithe chuig an gcóras íomháiithe agus tá siad ar fáil anois lena scrúdú ag an bpobal. Aistreofar an chuid eile i rith an dara leath de 2009.

Sonraí Buile

Bhaineamar ár gcuspóir amach maidir le táirgí sonraí a sheachadadh chuig custaiméirí CRO de réir tiomantas seachadta foilsithe. D'éirigh leis an uasghrádú ar an tsaoráid uaslódála íomhá i rith an chéad leath de 2008.

An tSaoráid Cuardaigh Gréasáin

Leagamar síos sprioc do 2008 go ndéanfaí 95% de chuardaigh ar líne. Sárafódh an sprioc sin nuair a rinneadh 95.17% de chuardaigh ar líne in 2008.

Aga Neamhfhónaimh Chórais

Is é an tiomantas a bhí againn mear-fhreagra ar agaí neamhfhónaimh neamhphleanáilte a chinntiú.

Ní raibh mórán agaí neamhfhónaimh chórais i rith na bliana.

Slándáil IT

Le linn 2008 rinneadh athdhearadh ar ár n-infrastruchtúr gréasáin IT chun cur le slándáil agus láidreacht. Chuir sin moill ar thionscadail phleanáilte eile mar gheall ar an obair mhór a bhí i gceist leis agus de bharr nárbh fhéidir tosú ar thascanna eile fad a bhí sé ar siúl.

Aisghabháil Tubaiste

Thugamar faoi iarracht thrialach a dhéanamh le linn 2008 d'aistriú iomlán na gcóras IT go dtí córas macasamhlach lasmuigh den láthair. Tá an fhéidearthacht a bhaineann leis sin á ceistiú faoi láthair agus tá athbhreithniú á dhéanamh ar an bplean aisghabhála tubaiste.

Comhpháirtithe Forbartha Córais

Chuaigh an Conradh lenár gcomhpháirtithe forbartha córais in éag i mí Aibreáin 2008. Cuireadh tús le próiseas tairisceana i mí na Nollag 2007 agus comhaontaíodh an Conradh nua leis na tairgeoirí ar éirigh leo faoin dáta éagtha.

4. CÁILÍOCHT

Ath-Innealtóireacht Próisis Ghnó (BPR)

Úsáideadh comhchomhairleoir seachtrach i rith 2008 chun athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis athbhreithnithe a cuireadh ar bun tar éis an díláraithe. Tá an tuarascáil, a fuarthas go luath in 2009, á meas faoi láthair.

Bunachar Sonraí Rialacha – Clárú Uath-Oibríoch

Chun trédhearcacht a éascú agus chun cur le cáilíocht d'fhoilsiomar tacar rialacha tamall ó shin a rialaíonn próiseas na dtuairisceán. Tá sé sin lánpháirtithe le formhór mór na gcóras próiseála aighneachtaí éagsúla. Tá an próiseas sin tairbheach chun oiliúint a chur ar chomhaltaí foirne nua. Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar cháilíocht na bhfoirmeacha arna gcomhdú mar thoradh ar thús-ualú innill rialacha ar iarratais tuairisceán bliantúil ríomh-chomhdaithe.

Tugann an t-inneall rialacha, in éineacht le comhdú leictreonach aighneachtaí, deis do chlárú uathoibríoch, i.e. más féidir leis an inneall a chinneadh gur cláíodh leis na rialacha go léir is féidir an aighneacht a chlárú gan cur isteach de lámh. As an 446,861 aighneacht a cláraíodh in 2008, rinneadh 239,133, níos mó ná leath díobh, a chlárú go huath-oibríoch.

Chuireamar tús in 2008 le hobair ar thús-ualú a leathnú go dtí na foirmeacha ar líne eile. Is é an aidhm a bhí leis sin cur leis an ráta cláraithe uathoibríoch agus mar sin acmhainní a shaorú.

XBRL

I mí Iúil 2008 tháinig an Grúpa Ardleibhéil ar Ghnó ar an tuairim seo a leanas:

“Mar achoimre, creideann an Grúpa go laghdófar an t-ualach ar ghnólachtaí go suntasach tríd an dáta céanna do thuairisceáin a thabhairt isteach don CRO agus do na Coimisinéirí Ioncaim, trí ríomh-chomhdú éigeantach a thabhairt isteach, lena n-áirítear sonraí cuntasaíochta i bhformáid XBRL, agus trína chinntiú gur féidir le gníomhaireachtaí tras-rochtain a dhéanamh ar shonraí.”

Mar thoradh air sin, rinne an CRO, le cúnamh ó shaineolas seachtrach ar XBRL, staidéar ar fhéidearthacht an mhéid seo a leanas:

“go mbeidh tuairisciú XBRL éigeantach laistigh de chúig bliana (i gcás cuideachtaí ar mhéideanna áirithe ar a laghad) agus go bhfuil an CRO tiomanta roinnt cuntais cuideachta ionchódaithe (Cuntais) ó Chuideachtaí Teoranta Poiblí (PLCanna) a fháil agus a phróiseáil an bhliain seo chugainn mar Sheirbhís Phíolótach.”

Thángthas ar an tátal gur féidir go teicniúil glacadh le cuntais go leictreonach faoi réir ag cúinsí gnó.

Tá tús curtha le forbairt seirbhíse píolóta chun glacadh le ráitis airgeadais in XBRL.

Coigilteas ó ríomhThionscnaimh

I mí Aibreáin 2008 rinneadh anailís ar luach tionscadal ríomhRialtais agus tháinig an méid seo a leanas chun solais:

Mar gheall ar an méadú i bhforfheidhmiú agus i gcomhlíonadh an riachtanais maidir le tuairisceáin bhliantúla a chomhdú, agus mar gheall ar an méadú ginearálta ar ghníomhaíocht gnó in Éirinn, bhí méadú 42% ón mbliain 2001 tagtha ar an líon aighneachtaí a fuair an CRO ag deireadh 2007, gan méadú ar bith ar an líon comhaltaí foirne.

De réir na samhla costais arna húsáid ag an CRO, €7.13 milliún ar fad a bhí ar thuarastail in 2007, forchostais san áireamh.

Mar gheall go rabhamar in ann déileáil le méadú 42% ar an ualach oibre gan cur leis an líon comhaltaí foirne, sábháladh €2.99 milliún ar chostais foirne. Níorbh fhéidir sin a dhéanamh gan forbairtí i gcórais ríomhaireachta, ríomhThionscnaimh ach go háirithe.

Eascaíonn na coigiltis ó chomhdú leictreonach don CRO mar seo a leanas:

- Laghdú ar iontráil sonraí – iontrálann an custaiméir na sonraí chun an clár a uasdhátú agus ní theastaíonn ath-iontráil,
- laghdú ar pháipéar a scannadh,
- laghdú ar mhéideanna a chuirtear ar ais lena cheartú de bharr feabhais ar cháilíocht na bhfoirmeacha a chomhdaítear mar thoradh ar bhailíochtú láithreach ar an ábhar iontu, agus
- laghdú ar ábhar a sheiceáil – is féidir leis an gclár ábhar na bhfoirmeacha a sheiceáil le haghaidh botún
- deireadh le cur isteach de lámh a dhéanamh maidir le cuardaigh cuideachtaí ar líne

Tá fiú níos mó éifeachtúlachtaí do shaoránaigh.

I dtéarmaí airgid, rinneadh coigeartú ar na táillí ar chomhdú leictreonach in aghaidh chomhdú páipéir chun an costas riaracháin laghdaithe a bhaineann le doiciméid ríomh-chomhdaithe a thabhairt ar aird. In 2008, shábháil an saoránach breis agus €3.5m i dtáillí comhdaithe trí chomhdú leictreonach a dhéanamh. D'fhéadfaí 84% de na foirmeacha a comhdaíodh a bheith comhdaithe go leictreonach agus bheadh coigilteas de €6m i gceist leis sin.

Cuireann an feidhmchlár comhdaithe tuairisceáin bhliantúil gréasán-bhunaithe tuairisceán réamhlíonta os comhair an chomhdóra. Níl le déanamh aige/aici ach é a sheiceáil, a leasú de réir mar is cuí agus a shíniú. Díríodh aird ar thuairisceán bliantúil réamhlíonta i dTuarascáil an Fhórait Rialála Gnó Business de chuid Márta 2007 ar thuairisceán bliantúil réamhlíonta mar bhealach do chuideachtaí coigilteas ollmhóra a dhéanamh. Tugadh €247 in aghaidh an tuairisceáin nó €35.85 milliún do na cuideachtaí go léir mar an gcostas riaracháin maidir le tuairisceán bliantúil a dhéanamh sa tuarascáil

sin.

Eascraíonn coigilteas mar seo a leanas:

- Aga laghdaithe go mór chun an tuairisceán a dhéanamh.
- Dóchúlacht níos mó gur féidir an tuairisceán a dhéanamh gan tacaíocht chostasach ó shaineolaí.

Is é a dúirt an Grúpa Ardleibhéil ar Rialáil Ghnó ina thuarascáil i mí Iúil 2008, agus é ag tráchtairacht ar shaoráid tuairisceáin bhliantúla réamh-chomhdaithe CORE:

“Measann an Grúpa Ardleibhéil, tríd an gcostas seo a choigeartú chun an t-am a shábháiltear trí ríomhchomhdú a léiriú, agus de bharr an chéatadán de chuideachtaí a dhéanann amhlaidh (17%), go laghdaítear an costas iomlán ó €35.85 milliún go dtí €25.4 milliún, coigilteas de bhreis agus €10 milliún.

De bharr gurbh í 2007 an chéad bhliain iomlán ina raibh CORE ar fáil i gcomhair tuairisceáin bhliantúla, is dócha go dtitfidh an t-am (agus an costas) a bhaineann leis an mbealach sin de réir mar a théann cuideachtaí i dtaithe air. Tá pacáistí bogearraí rúnaíochta in úsáid le blianta anuas.

Thiocfadh breis coigiltis as aistriú go dtí timpeallacht lán-leictreonach, agus d’fhéadfaí coigealtas i gcostais riaracháin de thuairim is €28 milliún a dhéanamh.” Tá méadú go 31% tagtha ó shin ar an gcéatadán cuideachtaí a dhéanann a dtuairisceán bliantúil a chomhdú trí CORE.

Síniú Leictreonach ROS a úsáid

In 2008, comhaontaíodh go gcuirfeadh na Coimisinéirí Ioncaim rochtain ar shíniú leictreonach ROS ar fáil don CRO chun foirmeacha arna gcomhdú faoi Achtanna na gCuideachtaí a shíniú. Beidh roinnt forbartha bogearraí ag teastáil.

Glacadh le ríomhChomhdú

I rith 2008 lean an glacadh le ríomhchomhdú ag méadú. Léiríonn an tábla seo a leanas an méadú ó 2003:

	2004	2005	2006	2007	2008
B10 Athrú Stiúrthóra/Rúnaí	28.7%	43.6%	46.9%	52.2%	57.3%
B1 Tuairisceán Bliantúil	4.2%	5.4%	9.3%	23.4%	41.8%
B2 Athrú Oifige Cláraithe	36.0%	46.8%	56.4%	58.5%	65.46%
Clárú Ainmneacha Gnó agus athraithe	26.5%	44.1%	65.9%	71.6%	77.05%
Eile	n/a	n/a	18.8%	22.4%	27.37%

I mí Eanáir 2009, rinneadh 52.7% de thuairisceáin bhliantúla a chomhdú go leictreonach.

In 2008, rinneadh 176,000 aighneacht a chomhdú go leictreonach, méadú 40% ar an mbliain roimhe sin.

Ainm Cuideachta a Chur in Áirithe

Tá forbairt agus tástáil déanta ar fheidhmchlár a ligfidh ainm cuideachta a chur in áirithe. Táthar i bun athraithe a cheadóidh é a chur i bhfeidhm de réir reachtaíochta.

Straitéis chun Glacadh le Ríomhchomhdú a Spreagadh

De bharr srianta buiséid b'éigean ár bpleananna maidir leis an straitéis sin a chur ar leataobh. Leanfaimid orainn ar bhonn níos bunúsaí, áfach, agus acmhainní inmheánacha á n-úsáid againn.

5. SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

CORE (Timpeallacht Cláraithe Ar Líne do Chuideachtaí)

Tugann CORE deis do láithreoirí faisnéis cothrom le dáta a fheiceáil i dtimpeallacht bhainistithe, maidir leis na cuideachtaí dá bhfuil siad ina ngníomhairí comhdaithe. Tugann sé deis do chustaiméirí ráitis agus idirbheartaíocht maidir lena gcuntais a fheiceáil freisin. Tá tóir air i gcónaí agus tugtar thart ar 1,000 cuairt uathúil air in aghaidh na míosa.

Ríomh-Mheabhrúcháin

Rinneadh cinneadh in 2008 saoráid a chur ar fáil a cheadódh do chuideachtaí roghnú a gcuid fógraí ARD/meabhrúchán a sheoladh chucu trí ríomhphost chuig an gcuideachta agus chuig seoltaí ríomhphoist roghnaithe eile. Tabharfaidh sé sin deis do na fógraí dul chuig gníomhairí comhdaithe na gcuideachtaí chomh maith le chuig an gcuideachta. Tosaíodh ag obair ar an tsaoir a fhorbairt.

Aonad Faisnéise

Cuireann an tAonad Faisnéise seirbhís túslíne ar fáil do chustaiméirí a dhéanann teagmháil leis an Oifig tríd an teileafón, faics, post nó ríomhphost. Eagraíonn sé rannpháirtíocht an CRO ag taispeántais, seimineáir agus ag laethanta oscailte. Is é an buntáiste don chustaiméir go dtugann sé deis an fiosrúchán a réiteach i rith an chéad ghlaigh ar an Oifig agus cuireann sé deireadh le frustrachas a thagann ó bheith á aistriú chuig duine eile. Baineann an tseirbhís seo an t-ualach ó gach rannóg laistigh den CRO maidir le glaonna nach mbaineann leo a fhreagairt agus mar sin ní chuirtear isteach an oiread sin ar a bpatrúin oibre.

Fuair CRO os cionn 150,000 glaogh gutháin i rith 2008, meánmhéid de bheagnach 2,900 glaogh in aghaidh na seachtaine.

Táthar ag súil go bhfaighfear thart ar an méid céanna glaonna i rith 2009.

Tá córas láimhseála ríomhphost ar fáil chun bealaí éagsúla le teagmháil a dhéanamh leis an oifig a chur ar fáil do chustaiméirí (info@cro.ie).

Freagraíodh os cionn 13,000 ríomhphost i rith 2008 leis an gcuid is mó díobh sin freagartha laistigh d'ocht n-uair an chloig ó fuarthas iad.

In 2008 chuireamar Litreacha Stádais ar chruthú uath-oibríoch agus mar sin cumasaíodh aga slánúcháin l bhfad níos tapúla maidir leis na hiarratais sin.

Foilsiúcháin

D'fhoilsigh an CRO ríomh-iris mhíosúil i rith 2008. Is feasachán leictreonach é sin a chuireann síntiúsóirí ar an eolas faoi na forbairtí reatha san Oifig agus a chuireann imeachtaí atá le tarlú amach anseo faoina mbráid.

Eisíodh feasachán faisnéise ar gach stiúrthóir cuideachta san Earrach 2008. Dhéileáil an eagrán sin le Sláinte & Sábháilteacht san Áit Oibre, le forbairtí sa CSO, le hathbreithniú ar an ODCE agus leis an aistriú go dtí comhdú leictreonach.

Chuathas i mbun feachtas fógraíochta lena mheabhrú do chustaiméirí an toradh a bhíonn ar thuairisceáin a dhéanamh go deireanach i ndáil leis an teidlíocht ar dhíolúine iniúchta a chailleadh. Foilsíodh iarratas ar thairiscintí chun láithreán gréasáin agus córas bainistíochta ábhair an CRO a thabhairt cothrom le dáta agus roghnaíodh an tairgeoir ar éirigh leis. Tá an athfhorbairt ar bun faoi láthair.

An tSaoráid do Chustaiméirí Cárta Creidmheasa a Chur i Láthair

Roghnaíodh soláthróir do shaoráidí íocaíochta cárta creidmheasa a chur i láthair do chustaiméirí i rith 2008. Cé go bhfáilteodh custaiméirí roimh an tseirbhís sin, caithfear athmheastóireacht a dhéanamh ar an mbuntáiste ó thaobh costais don CRO mar gheall ar shrianta buiséid agus ar an laghdú dóchúil ar idirbhearta chur i láthair custaiméirí mar gheall ar dhílárú na hoifige poiblí go Ceatharlach in 2011.

6. SAINCHEISTEANNA DÍLÁRAITHE

Tá gá le hidirchaidreamh leanúnach idir na rannóga atá bunaithe sa dá oifig mar gheall ar an deighilt fhisiciúil mar thoradh ar an dílárú de chuid den CRO go Ceatharlach. Baineadh oibriú éifeachtúil leanúnach na hOifige amach, d'ainneoin na deighilte fisiciúla, trí dhea-thoil na foirne agus trí chomhoibriú agus díospóireacht leanúnach a éascaíodh trí shaoráidí físchomhdhála a shuiteáil.

Príomh-Dhílárú go Ceatharlach:

Bhronn An Bord Pleanála cead don phríomh-fhoirgneamh díláraithe i mí na Samhna 2008. Bhí roinnt coinníollacha ag gabháil leis an gcinneadh a d'éiligh ar Oifig na nOibreacha Poiblí pleananna athbhreithnithe a chur isteach. Rinneadh sin go luath in 2009 agus tá an fhoirgníocht le tosú go deireanach i mí Aibreáin 2009. 18 mí atá sa tréimhse foirgníochta, rud a chiallóidh go mbeadh an dáta críocheithe Q4 2010.

AGUISÍN 1 MIONSTADREAMH

Comhdhéanamh an Chláir agus Gníomhaíocht ar an gClár

COMHDHÉANAMH AN CHLÁIR AG DEIREADH 2008

	2007	%	2008	%
Príobháideach Teoranta	157,345	86.98	159,896	86.74
Poiblí Teoranta	1,633	0.9	1,728	0.94
Neamhtheoranta	3,378	1.86	3,638	1.97
Ráth	14,598	8.7	15,285	8.29
Seachtrach	3,696	2.04	3,766	2.04
EEIG	20	-	20	-
Iomlán	180,891		184,306	

Nóta: níl cuideachtaí atá á leachtú san áireamh sa tábla seo.

Gníomhaíocht ar Chlár na gCuideachtaí in 2008

	2007	2008	% +/-
Líon iomlán na gCuideachtaí Nua Cláraithe as seo bhí	18,704	14,723	-21.29
Príobháideach Teoranta	17,142	13,468	-21.44
Poiblí Teoranta	172	117	-31.98
Neamhtheoranta	178	133	-25.29
Ráth	1,189	1,005	-16.48
Athshlánaithe			
Ag cuideachtaí laistigh de bhliain ó bheith bainte den chlár	599	685	+14.36
Ag an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda	206	149	-27.67
Cuideachtaí a Díscaoileadh	8,209	11,650	
Athrú Glan	+11,300	+3,907	

Líon iomlán na gcuideachtaí nua ionchorpraithe in 2008:	14,723
Líon iomlán na gcuideachtaí a díscaoileadh le linn 2008:	11,650
Líon iomlán na gcuideachtaí a athshlánaíodh chuig an gclár in 2008:	834
Líon na gcuideachtaí aon bhall ar an gclár:	38,575

Cuideachtaí a Athshlánaíodh chuig an gClár

Déanann alt 311(8) agus alt 311A d'Acht na gCuideachtaí, 1963, agus alt 12B.(3) agus alt 12C d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982 foráil d'athshlánú cuideachta díscailte chuig Clár na gcuideachtaí. Féadann cuideachta a bheith athshlánaithe chuig an gClár trí iarratas a dhéanamh go dtí :

- An Ardchúirt sula mbeidh fiche bliain téaltaithe ón dáta díscailte
- An Chúirt Chuarda sula mbeidh fiche bliain téaltaithe ón dáta díscailte, sa chás gur creidiúnaí an t-iarratasóir
- Cláraitheoir na gCuideachtaí sula mbeidh dhá mhí dhéag téaltaithe ón dáta díscailte, sa chás go ndéanann an chuideachta an t-iarratas, nó go ndéantar ar a son é.

Bliain	Cuideachtaí a Athshlánaíodh chuig an gClár	Cuideachtaí ar an gClár	%
2003	296	148,303	0.2
2004	729	157,502	0.5
2005	673	160,707	0.4
2006	954	170,719	0.6
2007	805	180,891	0.4
2008	834	184,306	0.5

Clár Seachtrach

Cuideachtaí ar an gclár seachtrach an 31 Nollaig 2008:

	2007	2008
Brainsí (AE)	1,240	1,345
Brainsí (Neamh-AE)	285	329
Áit Ghnó	2,168	2,088
lomlán ar an gclár seachtrach	3,693	3,762

Athruithe ar ainm cuideachta

Le linn 2008, ceadaíodh 2,069 athrú ar ainmneacha cuideachtaí. Áirítear ar an bhfigiúr sin cuideachtaí a éilíodh orthu a n-ainmneacha a athrú faoi Alt 23(2) d'Acht na gCuideachtaí 1963. In 2007, bhí 2,310 athrú ar ainmneacha cuideachtaí agus bhí 2,102 in 2006.

Cead “Teoranta” a fhágáil amach as ainm

In 2008, tugadh cead do na cumainn/cuideachtaí seo a leanas “Teoranta” a fhágáil amach as a n-ainmneacha:

A SEED OF ADVANCEMENT
ACTIVE RETIREMENT NETWORK IRELAND
ARTICA
CARE ALLIANCE IRELAND
CARMICHAEL CENTRE FOR VOLUNTARY GROUPS
CASTLEBLAYNEY SHOW
CHILDREN'S MIRACLE NETWORK IRELAND
CHRIST DISCIPLES INTERNATIONAL CHRISTIAN CENTRE
DAUGHTERS OF CHARITY COMMUNITY SERVICES
DAVY CHARITABLE FOUNDATION SERVICES
DESIGN 21C
DUBLIN ACADEMIC HEALTH CARE
DUCHENNE IRELAND
DUNLAVIN COMMUNITY PLAYGROUP
EDMUND RICE DEVELOPMENT
ENVIROSKILLS
FAMILIES COPING WITH ALCOHOLISM
HOPE ALIVE FOUNDATION
INISHOWEN DEVELOPMENT PARTNERSHIP
INTERNATIONAL CHARITY BAZAAR DUBLIN
IRISH AMATEUR BOXING ASSOCIATION
IRISH MEDICAL AID FOR PALESTINIANS
IRISH NEPHROLOGY SOCIETY
IRISH VIPASSANA TRUST
KINGDOM GOSPEL CENTRE LIMITED
KUNDALINI YOGA TEACHERS ASSOCIATION OF IRELAND
LCF LETTERKENNY CHRISTIAN FELLOWSHIP
LEAVE NO TRACE (IRELAND)
LIFFEY RIVER TRUST
MAINTAIN HOPE
MERCY UNIVERSITY HOSPITAL CORK FOUNDATION
MORNING STAR STEINER KINDERGARTEN
MÉDECINS SANS FRONTIÈRES
NAÍONRA TIGH NA SÍ
PATH TO AFRICA
PROFESSIONAL STANDARDS ADVISORY BOARD - GENERAL INSURANCE
SAINT ULTAN'S CHILDCARE PROJECT
SEVENOAKS COMMUNITY CHILDCARE
ST JOSEPH'S CENTRE FOR THE VISUALLY IMPAIRED
ST. PATRICK'S PARISH (KILKENNY) CENTRE
THE CHELLO FOUNDATION (IRELAND)

Cead “Teoranta” a fhágáil amach as ainm

THE CHURCH OF PENTECOST - IRELAND

THE DAUGHTERS OF MARY AND JOSEPH TRUST

THE EDUCENA FOUNDATION

THE HAVEN COMMUNITY FOUNDATION

THE IRISH ARCHITECTURE FOUNDATION

THE IRISH COUNCIL FOR BIOETHICS

THE IRISH SOCIETY FOR THE PREVENTION OF CRUELTY TO ANIMALS

THE MILITARY & HOSPITALLER ORDER OF SAINT LAZARUS OF JERUSALEM, GRAND PRIORY OF IRELAND

THE NAGLE CENTRE

THE RUSSIAN ORTHODOX PATRIARCHAL CHURCH IN IRELAND

TÍR NA SPRAOI

VALID NUTRITION

WEXFORD LOCAL DEVELOPMENT

GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMIÚCHÁIN IN 2008

An próiséas um Baint den Liosta

Cuideachtaí a díscaoileadh (bainte den liosta mar níor chomhadaigh siad tuairisceáin)	5,804
Cuideachtaí a díscaoileadh faoi Alt 882 de na hAchtanna Comhdhlúite Airgeadais (Bainte den liosta ag na Coimisinéirí Ioncaim)	223
Cuideachtaí a díscaoileadh (bainte den liosta go toilteanach)	4,542

Ionchúisimh Chuideachtaí

Líon na gCuideachtaí a ionchúisíodh	122
Líon na gCuideachtaí a ciontaíodh	97
Méid iomlán ma bhfíneálacha a gearradh	€117,100
Meánfhíneáil a gearradh	€1,207.22

Ionchúisimh Stiúrthóirí

Líon na stiúrthóirí a ionchúisíodh	nil
Líon na stiúrthóirí a ciontaíodh	nil
Méid iomlán ma bhfíneálacha a gearradh	nil
Meánfhíneáil a gearradh	nil

SÓCMHAINNEACHT

